



An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil

2010

Clár Ábhar

Ár Misean	3
Ár Sainordú	3
Aighneacht an Chathaoirligh leis an Aire Fiontair, Trádála agus	4
Nuálaíochta	
Obair an Bhinse le linn 2010	7
Seirbhísí an Bhinse le linn 2010	16
Ballraíocht an Bhinse	19
Léargas Ginearálta ar an Reachtaíocht	20
Comhdhéanamh an Bhinse	26
Gluais Téarmaí	28
Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise	29
Aguisíní Staitistiúla	30

Ár Misean

Tá an Binse Achomhairc Fostaíochta fós ina eagraíocht idirspleách a bunaíodh chun bealach tráthúil, saor agus réasúnta neamhfhoirmiúil a sholáthar chun breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí chearta fostaíochta faoi chorp na reachtaíochta a thagann laistigh de scóip an Bhinse. Is é ár n-aidhm leanúnach go mbeidh na custaiméirí a bhaineann úsáid as seirbhísí an Bhinse sásta go ginearálta leis an tseirbhís a fuair siad ón mBinse. Tá an Binse chomh tiomanta inniu, agus a bhí sé ar an lá a bunaíodh é, do bhreithniú neamh-chlaonta a dhéanamh ar dhíospóidí idir páirtithe.

Ár Sainordú

Bunaíodh an Binse faoi Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 agus, suas go 1977, glaodh an Binse Achomhairc Iomarcaíochta orthu. Athraíodh ainm an Bhinse go dtí an Binse Achomhairc Fostaíochta i 1977 faoi Alt 18 den Acht um Dhífhostú Éagórach.

Bunaíodh an Binse ón tús chun breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí faoi iomarcaíocht idir fhostaithe agus fostóirí agus idir fhostaithe nó fostóirí agus an Aire Oibre (Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta anois) nó Oifigeach Breithiúnais. Leathnaíodh scóip an Bhinse thar na blianta agus, i dteannta le díospóidí faoi **na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007**, déileálann sé le díospóidí anois, faoin reachtaíocht seo a leanas, chomh maith:

Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005;
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007;
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004;
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004;
An tAcht um Íoc Pá, 1991;
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001;
Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005;
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996;
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006;
An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998;
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000;
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003;
An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001;
An tAcht Iomaíochta, 2002;
An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007; agus
An tAcht Ceimiceán 2008.

Tá suíomh gréasáin inrochtana, faisnéiseach agus uasdátaithe ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta ag www.eatribunal.ie.

Aighneacht an Chathaoirligh leis an Aire Bruton An tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse Achomhairc Fostaíochta don bhliain 2010 a chur faoi do bhráid, de réir Alt 39 (18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007. Seo é mo chéad tuarascáil duitse mar Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus mo dheichiú Tuarascáil mar Chathaoirleach ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Is eagraíocht ghar-bhreithiúnach neamhspleách é an Binse. Déileálann sé le saincheisteanna cearta fostaíochta aonair go heisiach, rud nach ndéanann aon chomhlacht fostaíochta eile. Tá dlínse aige faoi 18 bpíosa reachtaíochta le déileáil le saincheisteanna a thagann chun cinn le linn fostaíochta nó nuair a chuirtear deireadh le caidreamh fostaíochta.

Déantar éilimh a thagann ó dheireadh a chur leis an gcaidreamh fostaíochta go díreach chuig an Binse. Tá éilimh ar dhífhostú éagórach, ar iomarcaíocht agus ar fhógra íosta ina measc seo. Déantar gearáin in aghaidh Bhreith an Aire faoi chearta fostaithe nuair a dhearbhaítear an fostóir a bheith dócmhainneach go díreach leis an mBinse chomh maith. Sa deireadh, d'fhéadfadh éilimh i leith teidlíochtaí saoire atá ann ag an am a gcuirtear deireadh leis an gcaidreamh fostaíochta a bheith san áireamh le haon éileamh, nó gearán eile a thionscnaítear os comhair an Bhinse.

Tá feidhm achomhairc chomh maith ag an mBinse, chomh maith, le breithiúnas a dhéanamh ar achomhairc ó mholtaí nó ó bhreitheanna Coimisinéirí um Chearta faoi 15 píosa reachtaíocht cearta fostaíochta.

Go neamhghnách, is féidir éilimh ar dhífhostú éagórach a dhéanamh ar an gcéad dul síos chuig an mBinse, nó, chuig Coimisinéir um Chearta agus sa chás sin luíonn achomharc ó mholadh Coimisinéara um Chearta chuig an mBinse.

Tar éis dhá bhliain d'fhás gan fasach i dtarchur cásanna chuig uasmhéid 9,458 in 2009 (rud a mhéadaigh a ualach oibre faoi thrí le linn na tréimhse sin) bhí titim beag chuig 8,778 ann in 2010. In 2010, d'fhan an líon tarchur iomarcaíochta ard ag 2,951, mar a d'fhan an líon tarchuir faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, a raibh 2,157 díobh ann.

De bharr an ardaithe in achomhairc iomarcaíochta a tarchuireadh chuig an mBinse le blianta beaga anuas, bhí an cheannaireacht acu éisteacht éilimh iomarcaíochta a shruthlíniú i réimsí ardéilimh. Ba scéim phíolótach a bhí anseo agus mar thoradh air, chuir an Binse 2,431 achomharc iomarcaíochta de láimh, 1,000 cás níos mó ná a cuireadh de láimh an bhliain roimhe sin. Faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh tá triúr rúnaithe breise tugtha ar iasacht ag an Roinn don Binse le cur ar a gcumas leanúint leis an tionscnamh seo le linn 2011.

Ach, is é breithniú a dhéanamh ar chásanna de dhífhostú éagórach fós an obair is casta a dhéanann an Binse maidir leis an méid ama a chaitear ar éisteachtaí agus tá obair chúlra bhreise i gceist le Cinneadh an Bhinse a eisiúint do na páirtithe san áireamh.

D'ardaigh an líon achomharc ó Mholtaí/Bhreitheanna an Choimisinéara um Chearta, agus forfheidhmiú dóibh, go dtí 912 in 2010 i gcomparáid le 808 in 2009, ardú 13%.

Is é an dea-scéala gur ardaigh an líon cásanna a cuireadh de lámh 30% (29.57%) chuig 6,064 in 2010 i gcomparáid le 4,680 in 2009.

Is é polasaí an Bhinse fóram insroichte, neamhchostasach, cothrom agus neamhfhoirmiúil a sholáthar chun réiteach a fháil ar dhíospóidí a bhaineann le cearta fostaíochta. Tá d'iarmhairt ag an méadú sa líon achomharc chuig an mBinse go bhfuil ardú tagtha ar an aga feithimh a bhíonn ar éilitheoir sula n-éistear lena c(h)ás. Mar a dúradh roimhe seo, leanann an Binse ag tógáil céimeanna le déileáil leis an gcás seo.

Tá an Binse mar bhall de Chumann na hEorpa um Bhreithiúna Cúirt Oibreachais. Soláthraíonn an eagraíocht seo fóram chun cur leis an gcaidreamh oibre atá ann cheana féin idir eagraíochtaí cearta fostaíochta na hEorpa. Forbraíonn siad tuiscint níos mó, chomh maith, ar na cearta fostaíochta reachtúla a thugtar d'oibrithe na hEorpa agus ar na córais éagsúla chun na cearta sin a threisiú. Ghlac ionadaithe an Bhinse páirt i gcomhdháil a chomhordaigh an Cumann ar "Oibrithe Imeacha a Chosaint" i Meitheamh 2010 sa Róimh.

Déanann an Binse comhghairdeas leatsa a Aire Bruton, ar do cheapachán mar Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus táimid ag súil le dea-chaidreamh oibre leat inár gcomhiarracht chun an tseirbhís is fearr a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis Aire Ó Caoimh agus leis an Aire Mac Giolla Laoire as ucht a gcuid tacaíochta don Bhinse in 2010.

Is mór liom tacú na Roinne chomh maith agus táim ag súil lena cuid tacaíochta leanúnaí chun déileáil le hualach oibre an Bhinse atá ag dul i méid.

Thosaigh an téarma nua ballraíochta don Bhinse go luath in 2010. Tharla athrú suntasach sa bhallraíocht i mbliana, sa chaoi is gur ardaíodh téarma ginearálta na ballraíochta ó 3 go 5 bliana. Cuirim fáilte roimh na baill nua a ceapadh chun an Bhinse in Eanáir 2010 agus tá mé ag súil go mbeidh caidreamh sona agus torthúil agaibh leis an mBinse. Gabhaim buíochas le baill uile an Bhinse toisc gur chuir a thoilteanach agus a bhí siad déileáil le cásanna breise ag suíonna ar chumas an Bhinse líon na gcásanna a cuireadh de lámh a mhéadú. Mar is gnách, tá an-mheas ar bhur dtiomantas agus ar bhur ndíograis i gcás obair an Bhinse.

Focal speisialta buíochais leis an Uasal Dominic McBride, Rúnaí an Bhinse atá ag dul as oifig, nach féidir tomhas a chur lena thiomantas agus lena thacaíocht don Bhinse. Guím scor sonasach air, thar ceann an Bhinse. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Rúnaí nua an Bhinse, an tUasal David Small. Bíonn a mbuanna uathúla féin ag rúnaithe ina ról. Tá an t-ádh leis an mBinse maidir leis na Rúnaithe a ceapadh chuige.

Gabhaim buíochas le foireann na Rúnaíochta as ucht a gcuid tacaíochta agus tiomantas leanúnach d'obair an Bhinse agus as ucht a gcuid cúirtéise, nár theip riamh air, d'úsáideoirí an Bhinse agus dá bhaill.

Is mise, le meas,

A handwritten signature in black ink, reading "Caitlín T. Ní Mhathúna". The script is cursive and fluid, with a prominent flourish at the end of the name.

Caitlín T Ní Mhathúna
Cathaoirleach

Obair an Bhinse le linn 2010

FORBHREATHNÚ


Shuigh an Binse **1,436** uair ag **36** áit dhifriúil, le linn 2010. Astu seo, bhí **519** suí ar siúl i mBaile Átha Cliath, agus bhí **917** ar siúl i gceantair na gcúigí.

Ba **8,778** an líon iomlán éilimh a tarchuireadh chuig an mBinse go díreach, ar achomharc ó mholtaí agus ó Bhreitheanna Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta nó forfheidhmiú in 2010. Chur an Binse **6,064** éileamh de láimh le linn na bliana. B'ardú **30%** é seo ar na héilimh a cuireadh de láimh in 2009.

Ba é an meántréimhse feithimh bhliantúil chun cás a éisteacht ná **58** seachtain i mBaile Átha Cliath, agus **55** seachtain i gceantair na gcúigí ag deireadh na bliana.

Tugtar breac-chuntas ar shonraí maidir le hobair an Bhinse in 2010, agus na sonraí staitistiúla ar a bunaíodh an Tuarascáil seo sna ***hAguisíní Staitistiúla***.


Cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse le linn 2010



Cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse agus a cuireadh de láimh faoi phíosaí reachtaíochta ar leith in 2009 agus 2010.

Reachtaíocht	Cásanna a Tarchuireadh		Cásanna a Cuireadh de Láimh	
	2009	2010	2009	2010
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967-2007	3,008	2,951	1,420	2,431
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973-2005	2,324	2,118	1,274	1,482
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007	2,489	2,157	1,182	1,210
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984-2004	11	5		16
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1,059	937	479	619
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	6	6	1	2
An tAcht um Íoc Pá, 1991	257	316	169	138
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	277	264	155	165
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	3	2		
An tAcht um Shaoire Chúramóra 2001	2			1
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003	22	21		
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000	-	1		
IOMLÁN	9,458	8,778	4,680	6,064

Éilimh a Rinneadh agus a Cuireadh de Láimh: 2007-2010



Tugtar miondealú anseo thíos ar na cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse agus a chuir siad de láimh in 2010 faoi na píosaí reachtaíochta éagsúla.

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007

Tarchuireadh **2,951** éileamh chuig an mBinse faoi na hAchtanna seo in 2010.

As an **2,431** éileamh a cuireadh de láimh ceadaíodh **994**, díbheadh **334**, tarraingíodh siad **178** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar **925** roimh an éisteacht.

Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005


Tarchuireadh **2,118** éileamh chuig an mBinse in 2010.

As an **1,482** éileamh a cuireadh de láimh faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, ceadaíodh **460**, díbheadh **312**, tarraingíodh siar **197** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar **513** roimh an éisteacht.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007


Tháinig **2,157** cás os comhair an Bhinse le linn 2010, a raibh 86% díobh ina n-éilimh dhíreacha. Tá **1,855** éileamh díreach, **244** achomharc a fuarthas ó na Coimisinéirí um Chearta agus **58** éileamh ar fhorfheidhmiú sa chás nár tugadh faoi Mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta san áireamh san fhiigiúr seo.

Achomhairc Dífhostaithe Éagóraigh in 2010



Cuireadh **1,210** éileamh de láimh in 2010, a raibh 89% díobh ina n-éilimh dhíreacha. Tá **1,081** éileamh díreacha, **92** ó achomhairc chuig na Coimisinéirí um Chearta agus **37** éileamh ar fhorfheidhmiú san áireamh san fhiigiúr seo.

Éilimh ar Dhífhostú Éagórach a Cuireadh de Láimh in 2010



Tá miondealú na n-éileamh a cuireadh de láimh mar seo a leanas:

As an **1,081** éileamh díreach a cuireadh de láimh, ceadaíodh **194**, díbheadh **237**, tarraingíodh siar **215** le linn na héisteachta agus tarraingíodh **435** siar roimh an éisteacht.

As an **92** achomharc in aghaidh moltaí Coimisinéara um Chearta a tarchuireadh chuig an mBinse a cuireadh de láimh, seasadh le **28**, eitíodh **13**, athraíodh **9** agus tarraingíodh siar **42** le linn éisteachta nó roimh éisteacht.

Den **37** éileamh ar fhorfheidhmiú a cuireadh de láimh nuair nár tugadh faoi mholtaí an Choimisinéara um Chearta, eitíodh **24** éileamh agus tarraingíodh **13** siar.

Cineálacha Réitigh

Bhronn an Binse cúiteamh **€3,485,898.25** i **217** cás. Ba é meán an chúitimh a bhronn an Binse **€16,064.05**. Ordaíodh aischur i **6** chás agus ordaíodh athpháirtíocht i **3** chás. Léirítear dáileadh an chúitimh a bhronn an Bhinse in Iarscríbhinn 2.

Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004

Tarchuireadh **6** achomharc in 2010 agus tarraingíodh siar **2** achomharc.

Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004

Tarchuireadh **5** achomharc chuig an mBinse in 2010 agus ceadaíodh **16**.

An tAcht um Íoc Pá, 1991

Tarchuireadh **316** achomharc chuig an mBinse in 2010. As an **138** achomharc a chuir an Binse de láimh, seasadh le **44**, eitíodh **33**, athraíodh **12** agus tarraingíodh siar **49**.

Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001

Tarchuireadh **264** achomharc agus éileamh chuig an mBinse in 2010.

As an **105** achomharc a chuir an Binse de láimh, seasadh le **25**, eitíodh **18**, athraíodh **14** agus tarraingíodh siar **48**.

As an **60** éileamh ar fhorfheidhmiú seasadh le **47**, agus tarraingíodh siar **13**.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Tarchuireadh **937** achomharc agus éileamh chuig an mBinse in 2010. As an **619** cás a chuir an Binse de láimh, ceadaíodh **134**, díbheadh **122**, tarraingíodh siar **131** le linn na héisteachta agus tarraingíodh siar **232** roimh an éisteacht.

Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006

Rinneadh **2** achomharc chuig an mBinse le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000

Rinneadh **1** achomharc chuig an mBinse le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003

Tarchuireadh **21** achomharc agus éileamh chuig an mBinse le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

An tAcht um Shaoire Chúramóra 2001

Ní raibh achomhairc ar bith chuig an mBinse le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010 agus tarraingíodh siar **1** chás.

Ní dhearnadh aon achomharc chuig an mBinse in 2010 faoin reachtaíocht seo a leanas:

- Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998
- An tAcht Iomaíochta 2002
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007
- An tAcht Ceimiceán 2008

Meántréimhse Feithimh d'Éisteacht Cásanna

Bhí tionchar ag an bhfás gan fasach i gcásanna arna dtarchur chuig an mBinse ag eascairt as fadhbanna sa Mhargadh Saothair, rud a mhéadaigh faoi thrí ualach oibre an Bhinse thar thréimhse 2 bhliain, ar an tréimhse feithimh.

Is é an meántréimhse feithimh d'éisteacht cáis os comhair an Bhinse timpeall **58** seachtain i mBaile Átha Cliath agus **55** seachtain i gceantair chúigeacha. Tá an Binse ag obair go gníomhach chun é seo a laghdú.

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí an Bhinse, faoi Achtanna áirithe, ar phointe dlí chuig an Ard-Chúirt agus d'fhéadfadh sé teacht os comhair na hArd-Chúirte trí Athbhreithniú Breithiúnach.

In 2010, cuireadh **3** chás mar seo leis an Ard-Chúirt.

Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Chúirt Chuarda in aghaidh chinntí an Bhinse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach laistigh de sé seachtaine ón dáta gur cuireadh na Cinntí in iúl dos na páirtithe. Leagtar nós imeachta le hachomharc a thógáil in aghaidh Chinntí an Bhinse amach i Rialacha na Cúirte Cuarda (www.courts.ie). Soláthraíonn na rialacháin bealach, chomh maith, le tarchur agus toradh achomharc na gcásanna chuig an Chúirt Chuarda a chur in iúl don Bhinse.

Rinneadh achomharc in aghaidh thart ar **183** cás chuig an gCúirt Chuarda. Ón bhfaisnéis a fuarthas ó Oifigí na Cúirte Cuarda, cuireadh **8** ar athló, bhí **45** ag feitheamh, caitheadh amach **25**, seasadh le **38** agus tarraingíodh siar **2**. Níl aon fhaisnéis ar fáil maidir leis an **65** cás atá fágtha.

Líon Uaireanta a Shuigh an Binse

Shuigh Ranna an Bhinse **234** lá ag **36** láthair dhifriúil mórthimpeall na tíre, le feiliúint d'achomharcóirí agus do fhreagróirí, le linn na bliana faoi athbhreithniú. Shuigh **7** Roinn ón mBinse nó níos mó i **106** lá de na laethanta seo agus bhí **742** suí mar thoradh air. Ba é **1,436** líon iomlán na suíonna (**519** i mBaile Átha Cliath agus **917** sna Cúigí). Bhí líon na suíonna i ngach láthair éagsúil ó shuí amháin ag roinnt láthair sna Cúigí go **519** i mBaile Átha Cliath. Léirítear sonraí ar na láithreacha agus ar líon na suíonna ag gach láthair in Iarscríbhinn 3(A). Léirítear sonraí de shuíonna an Bhinse in 2010 in Iarscríbhinn 3(B).

Líon a Cuireadh Siar

Leagtar cásanna síos le haghaidh éisteachta agus cuirtear na dátaí in iúl do na páirtithe, cúig go sé seachtaine roimh an am seo ar an meán. Cuirfear cásanna siar i gcúinsí eisceachtúla amháin. Má lorgaítear cur siar láithreach, nó laistigh de 5 lá oibre ón lá a fuarthas fógra na héisteachta agus má tá ceadú an pháirtí eile faighte, d'fhéadfadh sé a bheith ceadaithe. Má lorgaítear cur siar níos déanaí agus/nó gan cead an pháirtí eile is dóichí nach mbeidh sé ceadaithe. Déanann an córas leagtha síos seo, atá deartha go háirithe d'áis na bpáirtithe, roinnt iarratas ar chur siar dosheachanta ach níl aon smacht ag an mBinse air. Bíonn caillteanas am suite sceidealta an Bhinse mar thoradh ar chur siar a gcuirtear isteach air róchóngarach do dháta na héisteachta. Cuireann an chailliúint ama seo isteach go diúltach ar an gcóras leagtha síos, méadaíonn sé na costais, agus bíonn breis moille mar thoradh air idir dáta tarchuir an éilimh agus dáta na héisteachta do na héilitheoirí go léir.

In 2010, cuireadh **386** cás siar, agus ceadaíodh **238** agus diúltaíodh **148**. Cailleadh **59** lá suite na Ranna de bharr cur siar in 2010.

Iarratais ar Ateangairí

Éascaíonn an Binse seirbhís ateangaire teanga. Caithfear iarratas ar ateangaire a dhéanamh roimh shuí Roinne de chuid an Bhinse.

Cheadaigh an Binse **183** iarratas ar Ateangairí a bheith i láthair ag éisteachtaí le linn 2010.

Inrochtaineacht

Tógfaidh an Binse, ar iarratas, gach céim praiticiúil chun áiseanna speisialta a sholáthar do dhuine atá i láthair ag éisteacht a bhfuil míchumas nó riachtanais speisialta eile air/uirthi. Iarrtar ar pháirtithe an Binse a chur ar an eolas roimh an éisteacht maidir lena riachtanais.

D'éascaigh an Binse **2** iarratas ar áiseanna teanga chomharthaíochta ag éisteachtaí in 2010.

Comhaid a Chartlannú

Is comhlacht sceidealaithe atá sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Go ginearálta, caithfear comhaid, atá breis agus 30 bliain d'aois, atá i seilbh comhlachtaí sceidealaithe, a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta agus a bheith ar fáil le hiniúchadh ag an bpobal. Le linn 2011, déanfaidh an Binse teagmháil leis an gCartlann Náisiúnta ag lorg treorach maidir le comhaid cháis.


Ionadaíocht ag Éisteachtaí

D'fhéadfadh páirtí d'iarratas a bheith i láthair agus a bheith cloiste agus é/í i láthair, nó trí ionadaíocht ag abhcóide nó ag dlíodóir nó ag ionadaí ceardchumann nó ag comhchaidreamh fostóra, nó le cead an Bhinse, ag aon duine eile. D'fhéadfadh aon pháirtí i gcás ionadaí amháin, nó níos mó, a bheith aige/aici ag gníomhú ar a s(h)on.

Tá sonraí na n-ionadaíochta faoi na hAchtanna éagsúla nó faoi mheascán d'Achtanna in 2010 mar seo a leanas:

- Rinneadh ionadaíocht ar **1,528** fostaí (**301 (19.7%)**) ag ceardchumann, **875 (57%)** ag ionadaithe dlí **352 (23%)** ag daoine eile).
- Rinneadh ionadaíocht ar **839** fostóir (**64 (7.6%)**) ag cumainn fostóra, **561 (66.9%)** ag ionadaithe dlí **214 (25.5%)** ag daoine eile).


Ionadaíocht faoi na hAchtanna Éagsúla in 2010



Seo a leanas Ionadaíocht do chásanna **Dífhostaithe Éagóraigh**:

- Rinneadh ionadaíocht ar **745** páirtí fostaithe (**101** ag ceardchumann, **569** ag ionadaithe dlí agus **75** ag daoine eile).
- Rinneadh ionadaíocht ar **566** páirtí fostóra (**45** ag cumainn fostóra, **396** ag ionadaithe dlí agus **125** ag daoine eile).

Ionadaíocht faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagóra Fostaithe in 2010



Seirbhísí an Bhinse le linn 2010

➤ **Seirbhís agus Cairt do Chustaiméirí**

Tá an Binse tiomanta da sheirbhís do chustaiméirí de chaighdeán ard a sholáthar, agus seirbhís a sheachadadh atá éifeachtach agus éifeachtúil araon, agus a sholáthraítear go cúirtéiseach an t-am ar fad, leis an mhoill is lú ann. Aithníonn an Binse an ceart ar éileamh atá ag gach páirtí. Tá cur síos ar na seirbhísí go léir atá á soláthar ag an mBinse agus conas teacht orthu, na sonraí teagmhála, foilseacháin chuí agus ceisteanna a iarrtar go minic le fáil ar an suíomh gréasáin www.eatribunal.ie.

Tá leabhrán faisnéise faoin mBinse, i dteannta ***Treoirlínte le haghaidh Cleachtóirí atá ag teacht os comhair an Bhinse***, le fáil saor an aisce ó Rúnaíocht an Bhinse. Eisítear na leabhráin seo do gach páirtí i ndíospóidí faoi dhífhostú éagórach roimh na héisteachtaí. Nuashonraigh an Binse an leabhrán deiridh, ar aon dul leis na moltaí atá leagtha amach sa Tuarascáil Deiridh de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánaigh an Bhinse.

Coimeádann an Binse Clár dá Bhreitheanna agus dá Chinntí go léir. Tá an Clár oscailte le haghaidh iniúchadh, saor in aisce, d'aon bhall den phobal le linn gnáthuaireanta gnó ag Oifig na Rúnaíochta, An Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Tá Cinntí le fáil, chomh maith, ar shuíomh gréasáin an Bhinse ar aon dul le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Is é ár n-aidhm go mbeidh na custaiméirí go léir sásta le leibhéal na seirbhíse a bhfaigheann siad ón mBinse. Is féidir nótaí tráchta a chur chuig: An Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, nó trí ríomhphost go: eat@deti.ie. Tá cárta nóta tráchta ar líne le fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin an Bhinse.

Tá an Binse tiomanta do leibhéal ard seirbhís do chustaiméirí a chothabháil.

➤ **Teicneolaíocht Faisnéise: Suíomh Gréasáin BAF agus seirbhísí ar líne BAF in 2010.**

Leanann suíomh gréasáin an Bhinse www.eatribunal.ie a bheith in úsáid mar chéad pointe teagmhála tábhachtach dóibh siúd a dhéanann fiosrúchán maidir le seirbhísí an Bhinse. Is uirlis luachmhar atá ann chomh maith don rúnaíocht agus do bhaill araon. Tá faisnéis ar an

suíomh gréasáin, *inter alia*, maidir le hiarratas a dhéanamh, roinn ina bhfuil ceisteanna coitianta agus na ceithre fhoirm iarratais i bhformáid PDF. Sa roinn *Foilseacháin* tá roinnt leabhráin faisnéise, ina dtugtar treoirlínte ar nósanna imeachta BAF do na páirtithe ar fad atá páirteach in éisteacht. Tá breitheanna an Bhinse le fáil sa roinn ar Chinntí (*Determinations*) (atá le fáil faoi *Foilseacháin* chomh maith) (de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí i.e. fághtar amach sonraí teagmhála páirtithe). Ceadaíonn an fheidhm cuardaigh d'úsáideoirí cinní a shainnithint faoi chritéir ar leith. Tá nasc ar an suíomh gréasáin chomh maith chuig an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) do na húsáideoirí a bhfuil faisnéis ghinearálta uathu maidir le cearta fostaíochta.

Leagtar amach anseo a leanas gníomhaíocht ar shuíomh gréasáin an BAF ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2010 agus ón dáta a seoladh é an 3 Aibreán 2006 go dtí an 31 Nollaig 2010.

	1/1/2010 - 31/12/2010	3/4/2006 - 31/12/2010
Amais	3.3m	10.7m
Amharc leathanaigh	790,417	2.4m
Seisiúin	149,438	439,107

Leanann an Binse ag forbairt a áiseanna suíomh gréasáin ar aon dul leis na Straitéisí ríomh-Rialtais.

➤ **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997**

Ní chlúdóidh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (arna leasú), nuair a chuirtear i bhfeidhm don Bhinse é, ach feidhmeanna riaracháin an Bhinse. Leanfar ag cosaint faisnéis phearsanta mar atá sonraithe ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

➤ **Cumann na hEorpa um Bhreithiúna Cúirt Oibreachais**

Cothaíonn an Binse caidreamh oibre le cleachtóirí dlí fostaíochta san Eoraip, agus leanann sé ag cur leis an gcaidreamh oibre atá ann cheana féin. D'fhreastail ionadaithe ón mBinse ar chomhdháil bhliantúil de chuid Chumann na hEorpa um Bhreithiúna Cúirt Oibreachais in 2010. Reáchtáladh an chomhdháil sa Róimh idir an 10^{agus an 12} Meitheamh 2010.

➤ **Seimineáir Oiliúna**

I mí Aibreáin 2010, thug an Binse aitheasc ag seimineár oiliúna arna eagrú ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i mBaile Átha Cliath. Ba é téama an tseimineáir 'Beartas Sóisialach: Cearta Fostaíochta: Forfheidhmiúchán agus Réiteach'. Chuir an seimineár oiliúint ar fáil do sholáthraithe faisnéise a phléann le saincheisteanna fostaíochta agus thug sé tuiscint dóibh ar bheartas sóisialach i ndáil le cearta fostaíochta. Tugadh cuireadh don Bhinse labhairt ar an téama 'Réiteach d'Oibrithe'.

➤ **Cuairt Idirnáisiúnta ar an BAF ag Toscaireacht Sheoirseach**

Chas cuairt staidéir chun na hÉireann ó Thoscaireacht Sheoirseach, lenar áiríodh Aire Oibre, Sláinte agus Gnóthaí Sóisialta na Seoirsia, leis an mBinse i mí Aibreáin 2010. Chuir an toscaireacht ar a gcuart go hÉirinn am i leataobh ina sceideal le cuairt a thabhairt ar an EAT, chun cosc agus réiteach coimhlintí cnuasaitheacha aonair, dlínse agus cumhacht gach Binse agus próisis idir-réitigh agus breithnithe a phlé.

➤ **“Cuartheanna Faisnéise ar an BAF”**

Bíonn éisteachtaí an Bhinse ar siúl go poiblí. Tá fáilte roimh an bpobal freastal ar aon éisteacht. Ina theannta sin, ní rud as an ngnáth é mic léinn a bheith ag tabhairt cuairt ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta, nó faisnéis a lorg faoi ról agus faoi oibríocht an Bhinse. Cé go bhféadfaí achainí dá leithéid a chur go foirmiúil os comhair na Rúnaíochta, tig le grúpaí beaga mac léinn teacht i láthair BAF aon lá agus suí isteach ag éisteacht.

Faigheann an Binse iarratais ó mhic léinn tríú leibhéal agus iarchéime araon. Díríonn na hiarratais seo go ginearálta ar reachtaíocht a bhaineann le cearta fostaíochta agus ar ról an Bhinse. Cuireann an Binse fáilte roimh chuartheanna agus athchuartheanna ó mhic léinn agus ó fhorais éagsúla oideachais, roimh chuartheanna ó ghrúpaí na hearnála deonaí, agus, go háirithe, ó ghrúpaí ó Ionaid Eolais do Shaoránaigh, agus ó ghrúpaí dlí an phobail.

Ballraíocht an Bhinse le linn 2010

Cathaoirleach

Kate T O'Mahony B.L.

Leaschathaoirligh

Sinead Behan B.L.

Kieran Buckley

Pamela Clancy

Charles Corcoran B.L.

Ann-Marie Courell B.L.

Fiona Crawford B.L.

Emile Daly B.L.

Dorothy Donovan B.L.

Catherine Egan B.L.

John Fahy B.L.

James Flanagan B.L.

Veronica Gates B.L.

Myles Gilvarry

Clodagh Gleeson B.L.

Bernadette Glynn

Dara Hayes B.L.

Graham Hanlon

Eamon Harrington

David Herlihy

Patrick Hurley

Elva Kearney B.L.

Margaret Levey B.L.

James M Lucey

Dermot MacCarthy S.C.

Orna Madden B.L.

Roderick Maguire B.L.

Sean Mahon

Mary McAveety

Jeananne McGovern B.L.

Penelope McGrath B.L.

Saundra McNally

Eamonn Murray

Niamh O'Carroll Kelly B.L.

Leachlain S Ó Catháin

Mark O'Connell

Jeremiah O'Connor

Peter J O'Leary B.L.

Moya Quinlan

Joe Revington S.C.

Nicholas Russell

Tom Ryan

Jeremiah Sheedy

Tony Taaffe

Painéal Fostóirí

Gerry Andrews

Joe Browne

Michael Carr

Pat Pierce

Frank Cunneen

John G Flanagan

Moss Flood

Angela Gaule

Tom L Gill

James Goulding

Eamon C Handley

Don Hegarty

James Hennessy

John Horan

Ben Kealy

J J Killian

Con Lucey

Gerry McAuliffe

Cyril McHugh

Finbar Moloney

Don Moore

Desmond Morrison

Michael J Murphy

Roger F Murphy

Michael Noone

William O'Carroll

Tom O'Grady

Aidan O'Mara

James O'Neill

Tadg O'Sullivan

Neil Ormond

Dermot Peakin

Pat Pierce

Peter J Pierson

William Power

Robert D E Prole

John Reid

Máire Sweeney

Liam Tobin

Declan F Winston

Jean Winters

Painéal Fostaithe

Frank Barry

Tom Brady

Eveta Brezina

Al Butler

Finbarr Dorgan

James Dorney

Noel Dowling

Patsy Doyle

Mary Finnerty

John Flannery

John Flavin

Tom J Gill

Noirin Greene

Helen Henry

Thomas A Hogan

James Jordan

Hilary Kelleher

Suzanne Kelly

Tony Kelly

Frank Keoghan

Rosabel Kerrigan

Patrick King*

Sean Mackell

Michael McGarry

Alice Moore

Joe Maher

Mary Maher

Dominic McEvoy

Jim Moore

Maire Mulcahy

Helen Murphy

Phil Ni Sheaghda

Owen Nulty

Seamus O'Donnell

Michael O'Reilly

Ciaran Ryan

Dave Thomas

Paddy Trehy

Gerry Whyte

Owen Wills

Paddy Woods

***an tUasal King éirithe as
le linn 2010**

Rúnaí an Bhinse

An tUasal David Small

Léargas Ginearálta ar an Reachtaíocht

Is comhlacht reachtúil atá sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh le déileáil le díospóidí fostaíochta agus breithniú a dhéanamh orthu faoi na reachtanna seo a leanas. ***Tá sé beartaithe gur treoir a bheadh san fhaisnéis thíos agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil í.***

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007

Tá fostaí incháilithe, faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003, i dteideal íocaíocht iomarcaíochta dhá sheachtain a fháil le haghaidh gach bliain seirbhíse i dteannta le seachtain bhónais. Bhí an chuid is mó de na héilimh a chuir an Binse de lámh faoi na hAchtanna seo ina n-éilimh ó fhostaithe ar íocaíochtaí iomarcaíochta ar an bhforas gur briseadh as a bpost iad de bharr iomarcaíochta. Baineann aicmí díospóide eile le ceistanna faoi an raibh an fhostaíocht mhalartach a bhí á tairiscint oiriúnach; cuideachtaí gaolmhara; athrú úinéireachta na trádála nó an ghnó; leanúnachas na fostaíochta; leagan as agus gearr-am; ríomh mhéid na gcnapshuimeanna agus gnáthluach saothair seachtaine.

Achtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005

Leasaíodh na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 2001, in 2003, chun ceadú d'éilimh ar theidlíochtaí fógra reachtúil, sa chás go bhfuil an fostóir dócmhainneach, a dhéanamh go díreach chuig Aonad na nÍocaíochtaí Dócmhainneacha de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí (an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta roimhe sin), le haghaidh íocaíochta ón gCiste Árachais Shóisialta, gan úsáid a bhaint as an mBinse. Leathnaíonn Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 forálacha an Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta go státseirbhísigh ón 4 Iúil 2006.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007

Ba dhul chun cinn mór i ndlí fostaíochta na hÉireann an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Soláthraíonn sé leigheasanna d'fhostaithe a mheasann an Binse gur briseadh as a bpost iad go héagórach. Is iad na leigheasanna faoin Acht: aischur, athpháirtíocht nó cúiteamh suas go uasmhéid pá 104 seachtain. D'fhéadfaí tús a chur le héilimh ar dhífhostú éagórach leis an mBinse nó le Coimisinéir um Chearta. Níl cead éileamh faoin Acht seo thabhairt chuig an mBinse ach amháin sa chás go gcuireann ceann de na páirtithe i scríbhinn i gcoinne Coimisinéara um Chearta ag éisteacht leis an éileamh.

Tá na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach i gceist don chuid is mó d'fhostaithe an stáit, státseirbhísigh san áireamh, anois. Chuir Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 deireadh leis an eisiamh ó na hAchtanna i gcás fhormhór na bhfostaithe stáit agus bhí na hailt chuí i bhfeidhm ón 4 Iúil 2006.

Nuair a chuirtear tús le héileamh ar dhífhostú éagórach le Coimisinéir um Chearta d'fhéadfadh aon cheann den dá pháirtí achomharc a dhéanamh in aghaidh Mholadh Coimisinéara um Chearta chuig an mBinse laistigh de 6 seachtaine ón dáta ar cuireadh an Moladh in iúl do na páirtithe ábhartha.

Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004

Caithfear díospóidí a bhaineann le teidlíochtaí faoin Acht a thabhairt chuig Coimisinéir um Chearta ar an gcéad dul síos agus chuig an mBinse ansin trí achomharc in aghaidh Mholadh an Choimisinéara um Chearta.

Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004

Tugtar cosaint mhór faoin Acht 1984 mar a leasaíodh é do theidlíochtaí airgeadais na bhfostaithe a chailleann a bpoist de bharr dhócmhainneacht a bhfostóirí. Tagann éilimh faoin Acht arna leasú i bhfoirm gearáin in aghaidh Bhreitheanna an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta diúltú go hiomlán nó i bpáirt le héileamh ar íocaíocht i ndáil le riaráiste pá, riaráiste pá breoiteachta, riaráiste pá saoire nó íocaíocht ranníocaíochtaí gan íoc le scéimeanna pinsean gairme. Má bhíonn amhras ann maidir le héileamh a bheith incheadaithe nó gan a bheith incheadaithe, tig leis an Aire an t-éileamh a tharchur chuig an mBinse chun Breith a dhéanamh. Íoctar éilimh den chineál seo as an gCiste Árachais Shóisialta.

Tá an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta sínithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 2005, I.R. Uimh. 630 de 2005 chun gach bronnadh a dhéanann an Binse a chur san áireamh¹. Síneann an ionstraim reachtúil seo clúdach chomh maith chuig fostaithe atá fostaithe in Éirinn ag fostóir atá dócmhainneach faoi na dlíthe, rialúcháin agus nósanna imeachta riaracháin i mballstát eile.

An tAcht um Íoc Pá, 1991

Bunaíonn an tAcht réimse ceart d'fhostaithe a bhaineann lena dtuarastal a íoc: ceart chun modh íocaíochta tuarastail intráchta, ceart chun ráiteas scríofa den tuarastal agus de na hasbhaintí, agus

¹Íoctar bronntaí a dhéanann an Binse faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta ón gCiste Árachais Shóisialta chomh maith.

cosaint in aghaidh asbhaintí mídhleathacha ó thuarastal. Foráiltear leis an Acht achomharc a dhéanamh chuig an mBinse in aghaidh Breith Coimisinéara um Chearta i gcás gearáin maidir le asbhaintí mídhleathacha ó thuarastal.

Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001

Is é príomhchuspóir an Achta seo dualgas a chur ar fhostóirí ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaithe ina leagtar amach sonraí áirithe de théarmaí fostaíochta na bhfostaithe.

Caithfear díospóid faoin Acht a thabhairt os comhair Coimisinéara um Chearta ar dtús. Ansin, d'fhéadfaí é a thógáil os comhair an Bhinse trí achomharc in aghaidh Mholadh Coimisinéara um Chearta faoin ábhar.

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005

Is é cuspóir an Achta seo teidlíocht a thabhairt do fhostaithe baineann, agus i gcásanna áirithe, d'fhostaithe fireann, do scor fostaíochta chun críche leanbh a uchtú. Caithfear díospóid faoin Acht a thabhairt os comhair Coimisinéara um Chearta ar dtús. Ansin, d'fhéadfaí é a achomharc chuig an mBinse trí achomharc in aghaidh Bhreith an Choimisinéara um Chearta faoin ábhar.

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

Foráiltear leis an Acht seo go bhféadfadh tuismitheoir nó caomhnóir linbh nó duine óg gearán a chur os comhair Coimisinéara um Chearta gur sháraigh fostóir alt 13 (a bhaineann le rátaí reatha pá agus coinníollacha a chaomhnú) nó alt 17 (a bhaineann le diúltú comhoibriú leis an bhfostóir i dtaobh an Achta a shárú). D'fhéadfadh fostóir nó fostaí achomharc a dhéanamh chuig an mBinse ó Mholadh Coimisinéara um Chearta.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Foráiltear le hAlt 39 den Acht um Eagrú Ama Oibre réiteach ar dheacrachtaí a tháinig chun cinn i gcás fhorfheidhmiú Bhreitheanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus eagraíochtaí sonracha eile faoin reachtaíocht atá riartha aige, sa chás go bhfuil sonraí a bhaineann le fostóir leagtha amach go mícheart i mBreith an Bhinse. Foráiltear le hAlt 39 d'fhostaí, sa chás sainaitheannfear fostóir gan chuimhne go mícheart os comhair an Bhinse, iarratas a dhéanamh ar chead tús a chur le himeachtaí in aghaidh an fhostóra molta, in ainneoin go mbeadh an tréimhse ama d'éilimh dá

leithéid a chur i bhfeidhm thart. Foráiltear le hAlt 40 do fhostaí nó dá c(h)eardchumann gearán saoire a bheith san áireamh i dteannta le haon imeachtaí atá á dtógáil chuig an mBinse maidir le haon reachtaíocht atá ag teacht laistigh dá scóip.

Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006

Bhí an tAcht um Shaoire Tuismitheoirí, 1998 i bhfeidhm ar an 3 Nollaig 1998. Foráiltear leis an Acht teidlíocht d'fhir agus do mhná leas a bhaint as saoire neamhíoctha ón bhfostaíocht chun a chur ar a gcumas aire a thabhairt dá gcuid leanaí óga, agus do shaoire theoranta le pá (scor *force majeure*) chun a chur ar chumas fostaithe déileáil le héigeandálaí muintire de bharr gortú nó breoiteacht baill áirithe dá muintir.

Tá fostaithe agus fostóirí i dteideal díospóid maidir le teidlíocht faoin Acht a tharchur chuig Coimisinéara um Chearta. Caithfear tarchur do Choimisinéir um Chearta a bhaineann le díospóid faoin Acht a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 6 mhí ón am ar tharla an díospóid. Déileáiltear le díospóidí a bhaineann le fostaí a bhriseadh as a p(h)ost, áfach, faoi forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2001.

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Is é cuspóir an Achta seo cosaint a thabhairt ó pionós ó fhostóirí do dhaoine a thuairisceoidh drochúsáid leanaí “go réasúnach agus de mheon macánta” le hoifigigh ainmnithe i mboird sláinte nó le haon bhall den Gharda Síochána. Is é an bealach réitigh atá ag duine dá leithéid gearán le Coimisinéir um Chearta. Tá foráil ann, chomh maith, d'achomharc ó Choimisinéir um Chearta ó aon pháirtí don Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Tá an tAcht i bhfeidhm ón 23 Eanáir 1999.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000

Leasaíonn na Rialacháin seo an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977, chun foráil a dhéanamh d'ionadaíocht, agus comhairliú le fostaithe in éagmais ceardchumann, comhchaidreamh foirne nó comhlacht eisce; ceart chun gearáin le Coimisinéir um Chearta sa chás go sáraíonn fostóir alt 9 nó

10 (faisnéis agus dul i gcomhairle le fostaithe) agus foráil do mhéadaithe i leibhéal na bhfíneálacha le haghaidh cionta.

Is ann d'fhoráil go bhféadfaí achomharc a dhéanamh leis an mBinse in aghaidh Bhreith Coimisinéara um Chearta laistigh de 6 seachtaine ón dáta a cuireadh an Bhreith in iúl do na páirtithe. Sa chás nár cuireadh Breith Coimisinéara um Chearta i bhfeidhm d'fhéadfaí cás forfheidhmithe a tharchur chuig an mBinse tar éis na tréimhse 6 seachtaine.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003

Tháinig siad seo i bhfeidhm ar an 11 Aibreán 2003. Cúlghaireann agus tógann siad áit Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cearta Fostaithe a Chaomhnú ar Ghnóthais a Aistriú), 1980, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cearta Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) (Leasú), 2000. Foráiltear leo d'ionadaíocht, agus comhairliú le fostaithe in éagmais ceardchumann, comhchaidreamh foirne nó comhlacht eisce. Foráiltear leo chomh maith do cheart chun gearáin le Coimisinéir um Chearta sa chás go sáraíonn fostóir Rialachán 8 (an fhoráil faisnéise agus comhairle) agus foráiltear leo do mhéadaithe i leibhéal na bhfíneálacha le haghaidh cionta.

Is ann d'fhoráil go bhféadfaí achomharc a dhéanamh leis an mBinse in aghaidh Bhreith Coimisinéara um Chearta laistigh de 6 seachtaine ón dáta a cuireadh an Bhreith in iúl do na páirtithe. Sa chás nár cuireadh Breith Coimisinéara um Chearta, nó Cinneadh an Bhinse i bhfeidhm, d'fhéadfaí éileamh ar fhorfheidhmiú a dhéanamh tar éis na tréimhse sé seachtaine chuig an gCúirt Chuarda.

An tAcht um Shaoire Chúramóra 2001

Foráiltear leis an Acht d'fhostaithe leas a bhaint as saoire chúramóra neamhíoctha óna bhfostaíocht chun a chur ar a gcumas aire phearsanta a thabhairt do dhaoine a fuair teastas ón Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil uathu.

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an mBinse in aghaidh Bhreith an Choimisinéara um Chearta laistigh de 4 seachtaine ón dáta a cuireadh an Bhreith in iúl do na páirtithe. D'fhéadfaí an teorainn ama seo a shíneadh go tréimhse bhreise nach bhfuil níos mó ná sé seachtaine, má mheasann an Binse go bhfuil sé réasúnta é a dhéanamh, ag féachaint do na coinníollacha go léir.

An tAcht Iomaíochta 2002

Chomhdhlúthaigh an tAcht Iomaíochta 2002 an reachtaíocht reatha iomaíochta agus cumaisc. Foráiltear le hAlt 50 (3) den Acht cosaint d'fhostaí, ó phionós ón bhfostóir, sa chás go dtuairiscíonn fostaí go réasúnach agus de mheon macánta sárú de chuid an Achta. Leagann Sceideal 3 den Acht amach bealach sásaimh, déanta trí ghearán le Coimisinéir um Chearta agus luíonn achomharc leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007

Foráiltear le halt 87 den Acht seo cosaint d'fhostaithe ó phionós de bharr gur ndearna siad tuairisc ar shárú de chuid an Achta.

An tAcht Ceimiceán 2008

Foráiltear le halt 26 den Acht seo cosaint d'fhostaithe ó phionós de bharr gur ndearna siad tuairisc ar shárú de chuid an Achta.

Comhdhéanamh an Bhinse

Achtaíodh an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, a bhunaigh an Binse Achomhairc Iomarcaíochta, ar an 18 Nollaig 1967. Mheas an Stáit gur rud nuálach é an Binse a chruthú, in aicme na gceart fostaíochta. Bunaíodh é chun a chinntiú gur tugadh cumhacht do theidlíocht reachtaíochta an fhostaí d'iomarcaíocht, i dteannta le cosaint iomlán an dlí a fháil. Mar sin, bhunaigh an tAcht fóram trína bhféadfadh 'gnáthfhear ar an tsráid' éileamh a tharchur go seasfaí leis na cearta sin. Lasmuigh dá chúram leanúnach éisteacht le hachomhairc faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, inniu déileálann an Binse Achomhairc Fostaíochta, faoina theideal athbhreithnithe, le cásanna faoi 18 bpíosa reachtaíochta. Téann siad seo ó éilimh ar dhífhostú éagórach go fógra íosta, i dteannta le héisteacht le hachomhairc ó bhreitheanna agus ó mholtaí na Seirbhíse Coimisinéara um Chearta de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Tharla an chéad cruinniú de chuid an chéad Bhinse Achomhairc Iomarcaíochta ar an 22 Márta 1968, faoi chaomhnóireacht agus faoi chosaint na chéad 16 Bhall a bhí ceaptha don Bhinse. Threoraigh an chéad chathaoirleach, an tUasal John Gleeson, an Binse. D'éist an Binse lena chéad achomharc ar an 18 Aibreán 1968. Shuigh an Binse cúig lá agus seachtú (75) idir an dáta sin agus an 31 Nollaig 1968 agus d'éist said le haon chéad agus a tríocha trí (133) achomharc ina iomlán. Éisteadh le trí achomharc agus tríocha (83) i mBaile Átha Cliath, agus éisteadh leis an caoga (50) achomharc eile ag ionaid éagsúla timpeall na tíre. Bhí sé soiléir ón tús go mbeidh gné tíre iomláine agus, mar sin, náisiúnta ag an mBinse i gcás a chuid oibre. 42 bliain níos déanaí, leanann an Binse Achomhairc Fostaíochta leis an obair a thosaigh 'Bunaitheoirí' an Bhinse. Bhí aon chéad agus a fiche sé (126) Ball ag an mBinse in 2010, i gcomparáid le sé bhall déag (16) ag tús na bliana, tar éis Binse nua a cheapadh in Eanáir 2010, (*Feic Ballraíocht an Bhinse*).

➤ Comhdhéanamh an Bhinse 2010

Thosaigh an téarma nua ballraíochta don Bhinse go luath in 2010. D'fhadaigh an tAire Gnóthaí Saothair an téarma ginearálta ballraíochta ó thrí bliana go cúig bliana. Sa chéad fhorfheidhmiú den athrú seo, níor ceapadh ach 50% de na baill ar feadh 5 bliana. Ba é an chúis le dhá théarma dhifriúla in 2010 go ndéanfaí ceapacháin ar bhonn céimneach chun go mbeadh leanúnachas 50% ar a laghad den bhallraíocht ann ag athrú gach téarma. Beartaítear gur 5 bliana a bheidh sa téarma ginearálta ceapacháin ina dhiaidh sin. Tar éis na gceapachán, is é comhdhéanamh an Bhinse Cathaoirleach, 43 Leas-Chathaoirleach agus painéal de 82 ball eile, le 41 duine á n-ainmniú ag Comhdháil Ceardchumann na hÉireann agus 41 eile eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht

d'fhostóirí. Foráiltear leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979 ceapadh Leas-Chathaoirleach agus Ball breise ag aon am a bhfuil an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta den tuairim go bhfuil na ceapacháin sin riachtanach chun gnó an Bhinse a sheoladh go tapa.

Gníomhaíonn an Binse i Ranna, agus Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach agus beirt bhall eile i ngach ceann; tógtar duine acu ó thaobh na bhfostóirí den phainéal agus duine acu ó thaobh an cheardchumainn. Tá cumhacht uile an Chathaoirligh ag Leas-Chathaoirleach an Bhinse, nuair atá sé/sí ag gníomhú mar Chathaoirleach (ar iarratas an Aire nó an Chathaoirligh). Éistear le hachomhairc go poiblí mura gcinneann an Binse, ar iarratas ó aon cheann den pháirtí nó dá rogha féin, go mbeidh an éisteacht ar siúl go príobháideach.

➤ **An Rúnaíocht**

Tá an Rúnaíocht freagrach as riaradh na n-éileamh a tharchuirtear chuig an mBinse faoi reachtaíocht éagsúil um chearta fostaíochta. Is é a ról tacaíocht riaracháin a thabhairt don Bhinse ina bhreithniú ar dhíospóidí idir fostaithe agus fostóirí.

Is iad Státseirbhísigh atá fostaithe ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta atá ar fhoireann Rúnaíochta an Bhinse. Próiseálann oifigigh na rúnaíochta iarratais ón data fála agus gníomhaíonn siad mar rúnaithe ag éisteachtaí. Ina theannta san, dréachtaíonn rúnaithe Cinntí tar éis bhreithniúchán an Bhinse, do bhreithniú an Bhinse. Cuireann an Rúnaíocht Cinntí an Bhinse in iúl do na páirtithe ábhartha.

Is é tUasal David Small Rúnaí an Bhinse.

Gluais Téarmaí

Éilitheoir

Tagraíonn sé seo don duine nó don cuideachta a bhfuil éileamh déanta acu leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Freagróir

Tagraíonn sé seo don duine nó don chuideachta a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina (h)aghaidh.

Roinn

Gníomhaíonn an Binse i Ranna, agus Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach agus beirt bhall eile i ngach ceann; tógtar duine acu ó thaobh na bhfostóirí den phainéal agus duine acu ó thaobh an cheardchumainn. Tá cumhacht uile an Chathaoirligh ag Leas-Chathaoirleach an Bhinse, nuair atá sé/sí ag gníomhú mar Chathaoirleach (ar iarratas an Aire nó an Chathaoirligh).

Tarraingthe Siar

Ní féidir ach leis an éilitheoir nó le hionadaí an éilitheora iarratas a tharraingt siar.

Socrú

Tá socrú comhaontaithe ag na páirtithe. Tig leis seo tarlú roimh an éisteacht nó ag aon am le linn na héisteachta. Ní eiseofar Cinneadh i gcás mar seo.

Saoirse teacht ar ais

Nuair a tharraingítear siar éileamh, is féidir é a chur ar ais ar dháta a shainíonn an Binse nó roimhe sin.

Ionadaíocht

Tig le héilitheoir nó freagróir a bheith i láthair gan ionadaíocht. Nó, d'fhéadfadh an t-éilitheoir agus/nó an freagróir roghnú a bheith i láthair agus ionadaíocht á déanamh ar a s(h)on ag abhcóide nó ag dlíodóir nó ag ionadaí ceardchumainn nó ag comhchaidreamh fostóra, nó le cead an Bhinse, ag aon duine eile.

Cinneadh

Is éard atá i gcinneadh breith an Bhinse a thaifeadtar i gcáipéis agus é sínithe ag an gCathaoirleach agus séalaithe le séala an Bhinse. Cuirtear Cinntí an Bhinse ar chlár, atá oscailte le haghaidh iniúchadh, saor in aisce, d'aon bhall den phobal le linn gnáthuaireanta gnó ag Oifig Rúnaíocht an Bhinse.

Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise

An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Teil: +353 1 6312121 nó Íosghlao 1890 220 222
Ríomhphost: info@deti.ie
www.deti.ie

Coimisinéir um Chearta

Teach Tom Johnson,
Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Éire
Teileafón: (01) 613 6700
Teil: Íosghlao: 1890 220 227 (lasmuigh de cheantar (01))
www.lrc.ie

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA)

Oifigí an Rialtais
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
Teil: +353 59 9178990 nó Íosghlao 1890 80 80 90
www.employmentrights.ie

An Chúirt Oibreachais

Teach Tom Johnson,
Bóthar Haddington,
Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 6136666
www.thelabourcourt.ie

An tSeirbhís Chúirteanna

15-24 Sráid an Fhéinics Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Teil: + 353 1 888 6000
www.courts.ie

Eolas do Shaoránaigh

Teil: +353 12 452 1600 nó **Íosghlao 1890 777 121** nó +353 21 452 1600
Seiceáil www.citizensinformation.ie chun an tionad eolais is gaire duit a aimsiú

Rannóg Iomarcaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Teach Davitt
65A Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2
Teil: NERA ag +353 59 9178990 nó Íosghlao 1890 80 80 90

Rannóg Dócmhainneachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Teach Davitt
65A Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2
Teil: NERA ag +353 59 9178990 nó Íosghlao 1890 80 80 90

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Parnell
14 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1
Teil: +353 1 8045200
www.cro.ie

Na Coimisinéirí Ioncaim

Seiceáil www.revenue.ie chun d'oifig coimisinéirí ioncaim áitiúil a aimsiú

Liosta Aguisíní

- IARSCRÍBHIN N 1(A)** Achoimre ar Éilimh a Tarchuireadh chuig an mBinse in 2010 agus Toradh na nÉileamh a Cuireadh de Láimh in 2010.
- IARSCRÍBHIN N 1(B)** Achoimre ar Achomhairc in aghaidh Mholtaí an Choimisinéara um Chearta a Tarchuireadh chuig an mBinse in 2010 agus Toradh na nAchomharc a Cuireadh de Láimh in 2010.
- IARSCRÍBHIN N 1(C)** Achoimre ar na héilimh ar fhorfheidhmiú a Tarchuireadh agus a Cuireadh de Láimh in 2010 nuair nár tugadh faoi mholtaí an Choimisinéara um Chearta.
- IARSCRÍBHIN N 1(D)** Toradh Achoimre Gach Achomharc in aghaidh Mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta, agus na n-éileamh ar fhorfheidhmiú sa chás nár tugadh faoi Mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta le linn 2010.
- IARSCRÍBHIN N 1(E)** Meántréimhse feithimh idir dáta fála agus dáta éisteachta na gcásanna in 2008, in 2009 agus in 2010 agus figiúirí comparáideacha le haghaidh Dífhostú Éagórach agus Iomarcaíochta don tréimhse chéanna.
- IARSCRÍBHIN N 2** Dáileadh an Chúitimh a bhronn an Binse i gCinntí Dífhostaithe Éagóraigh in 2010.
- IARSCRÍBHIN N 3(A)** Líon Shuíonna an Bhinse ag Láithreacha Éagsúla in 2010.
- IARSCRÍBHIN N 3(B)** Sonraí de Shuíonna an Bhinse in 2010.

IARSCRÍBHINN 1(A)

ACHOIMRE AR ÉILIMH A TARCHUIREADH CHUIG AN MBINSE IN 2010 AGUS TORADH NA nÉILEAMH A

Acht	An Líon Éileamh a tarchuireadh* ¹	Ceadaithe	Díofa	Tarraingthe Siar le linn Éisteachta	Tarraingthe Siar roimh Éisteacht	Líon Iomlán Éileamh Curtha de Láimh* ²
Íocaíochtaí Iomarcaíochta	2,951	994	334	178	925	2,431
Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta	2,118	460	312	197	513	1,482
Dífhostú Éagórach (Éilimh Dhíreacha)	1,855	194	237	215	435	1,081
Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)	5	16	0	0	0	16
Eagrú Ama Oibre	937	134	122	131	232	619
IOMLÁN	7,866	1,798	1,005	721	2,105	5,629

*1. Roinnt éileamh tarchurtha in 2010 nár cuireadh de láimh fós

*2. Roinn éilimh curtha de láimh in 2010 a tarchuireadh in 2009

Tá roinnt Achomharc in aghaidh Mholtaí Coimisinéirí um Chearta fágtha amach — Feic Iarscríbhinn 1(B).

IARSCRÍBHINN 1(B)

ACHOIMRE AR ACHOMHAIRC IN AGHAIDH MHOLTAÍ AN CHOIMISINÉARA UM CHEARTA A TARCHUIREADH CHUIG AN mBINSE IN 2010 AGUS TORADH NA nACHOMHARC A CUIREADH DE LÁIMH IN 2010.

Reachtaíocht	Iomlán	Achomhairc ó Fhostaithe					Cásanna a cuireadh de láimh	Achomhairc ó Fhostóirí					Cásanna Curtha de Láimh	Iomlán a Cuireadh de Láimh
		Toradh na nAchomharc						Toradh na nAchomharc						
	Tarchurtha	Líon tarchurtha	Taif. seasta le	Taif. eitithe	Taif. athraithe	Achomhairc a Tarraingíodh Siar	Líon Tarchurtha	Taif. seasta le	Taif. eitithe	Taif. athraithe	Achomhairc a Tarraingíodh Siar			
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007	244	154	21	10	2	24	57	90	7	3	7	18	35	92
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	6	3	0	0	0	0	0	3	0	0	0	2	2	2
An tAcht um Íoc Pá, 1991	316	130	22	21	2	30	75	186	22	12	10	19	63	138
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	157	93	12	10	10	18	50	64	13	8	4	30	55	105
An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001	0	0	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	0	1
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1995 agus 2005	2	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais a Aistriú) 2003	21	13	0	0	0	0	0	8	0	0	0	0	0	0
Iomlán	747	395	55	41	14	73	183	352	42	23	21	69	155	338

* Roinnt achomharc tarchurtha in 2010 nár cuireadh de láimh fós

* Roinnt achomharc curtha de láimh in 2010 a tarchuireadh in 2009

IARSCRÍBHINN 1(C)

ACHOIMRE AR NA hÉILEAMH AR FHORFHEIDHMÍÚ A TARCHUIREADH AGUS A CUIREADH DE LÁIMH IN 2010
 NUAIR NÁR TUGADH FAOI MHOLTAÍ AN CHOIMISINÉARA UM CHEARTA

Reachtaíocht	Líon Iomlán éileamh a tarchuireadh	Seasta le	Eitithe	Athraithe	Éilimh a Tarraingíodh Siar	Líon Iomlán Éileamh a Cuireadh de Láimh
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2001	58	24	0	0	13	37
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994-2001	107	47	0	0	13	60
Iomlán	165	71	0	0	26	97

IARSCRÍBHINN 1(D)

TORADH ACHOIMRE GACH ACHOMHARC IN AGHAIDH MHOLTAÍ NA gCOIMISINÉIRÍ UM CHEARTA AGUS NA nÉILEAMH AR FHORFHEIDHMIÚ SA CHÁS NÁR TUGADH FAOI MHOLTAÍ NA gCOIMISINÉIRÍ UM CHEARTA LE LINN 2010

Líon Iomlán achomharc agus éileamh ar fhorfheidhmiú a tarchuireadh	Taif. Seasta le	Taif. Eitithe	Taif. Athraithe	Achomhairc Tarraingthe Siar*	Líon Iomlán achomharc a cuireadh de láimh
912	168	64	35	168	435

* Tarraingítear siar achomhairc roimh éisteach, lena linn, nó i gcásanna annamha ag deireadh na héisteachta

IARSCRÍBHINN 1(E)

MEÁNTRÉIMHSE FEITHIMH IDIR DÁTA FÁLA AGUS DÁTA ÉISTEACHTA NA gCÁSANNA IN 2008, IN 2009 AGUS IN 2010 AGUS FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA LE HAGHAIDH DÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH AGUS IOMARCAÍOCHTA DON TRÉIMHSE CHÉANNA

Bhí tionchar ag an bhfás gan fasach i gcásanna arna dtarchur, rud a mhéadaigh faoi thrí ualach oibre an Bhinse thar thréimhse 2 bhliain, ar an tréimhse feithimh.

Meántréimhse Feithimh Bhliantúil le haghaidh Bhaile Átha Cliath			
	2008	2009	2010
Seachtainí	16	31	58


Meántréimhse Feithimh Bhliantúil le haghaidh Ceantair Chúigeacha			
	2008	2009	2010
Seachtainí	31	32	55

FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA LE HAGHAIDH ÉILEAMH AR DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH agus IOMARCAÍOCHT A TARCHUIREADH CHUIG AN mBINSE AGUS A CUIREADH DE LÁIMH IN 2008, IN 2009 AGUS IN 2010.

	2008	2009	2010
Dífhostú Éagórach			
Cásanna a Tarchuireadh	1,538	2,488	2,157
Cásanna a Cuireadh de Láimh	1,224	1,182	1,210
Iomarcaíocht			
Cásanna a Tarchuireadh	1,407	3,008	2,951
Cásanna a Cuireadh de Láimh	1,038	1,420	2,431

TARCHURTHA


Éilimh ar Dhífhostú Éagórach agus ar Iomarcaíocht a tarchuireadh chuig an mBinse in 2008, in 2009 agus in 2010



Tabhair faoi deara: Tháinig méadú 110% ar an líon cásanna iomarcaíochta agus 40% ar an líon cásanna um dhífhostú éagórach a tarchuireadh idir 2008-2010

CURTHA DE LÁIMH

Éilimh ar Dhífhostú Éagórach agus ar Iomarcaíocht a chuir an Binse de láimh in 2008, in 2009 agus in 2010



Tabhair faoi deara: Tháinig méadú 134% ar an líon cásanna iomarcaíochta agus 6.5% ar an líon cásanna um dhífhostú éagórach a tarchuireadh idir 2008-2010

IARSCRÍBHINN 2

DÁILEADH AN CHÚITIMH A BHRONN AN BINSE I gCINNÍ DÍFHOSTAITHE ÉAGÓRAIGH IN 2010

Iomlán Bronnta:

€3,485,898.25

Líon Iomlán Cinní ar Dhífhostú Éagórach 217

Meán

€16,064.05

Cúiteamh Bronnadh €	Líon	Cúiteamh Bronnadh €	Líon
0	1	5001-6000	13
1 - 250	3	6001-7000	6
251 - 500	2	7001-8000	11
501 - 750	3	8001-9000	7
751 - 1000	5	9001-10000	11
1001 - 2000	14	10001-15000	30
2001 - 3000	25	15001-20000	18
3001 - 4000	7	20001-25000	9
4001 - 5000	8	>25001	44

Ordaíodh aischur i 6 chás

Ordaíodh athpháirtíocht i 3 chás

IARSCRÍBHINN 3(A)

LÍON SHUÍONNA AN BHINSE AG LÁITHREACHA ÉAGSÚLA IN 2010

CÚIGE LAIGHEAN (14)		CÚIGE MUMHAN (12)		CÚIGE CHONNACHT (6)		CÚIGE ULADH (4)	
LÁTHAIR	LÍON NA SUÍONNA AG GACH LÁTHAIR	LÁTHAIR	LÍON NA SUÍONNA AG GACH LÁTHAIR	LÁTHAIR	LÍON NA SUÍONNA AG GACH LÁTHAIR	LÁTHAIR	LÍON NA SUÍONNA AG GACH LÁTHAIR
Mainistir	12	Baile an	6	Cora Droma Rúisc	9	An Cabhán	10
Laoise	11	Chollaigh	8	Caisleán an		Dún na nGall	24
Baile Átha	17	Cloich na Coillte	21	Bharraigh	23	Leitir	24
Luain	16	Cluain Meala	212	Gaillimh	7	Ceanainn	17
Ceatharlach	519	Corcaigh	25	Baile Locha Riach	54	Muineachán	
Droichead	10	Inis	27	Ros Comáin	10		
Átha	11	Cill Airne	49	Sligeach	29		
Baile Átha	21	Luimneach	1				
Cliath	9	Mala	20				
Dún Dealgan	49	An tAonach	3				
Cill	40	Durlas	24				
Chainnigh	17	Trá Lí	36				
An Longfort	34	Port Láirge					
An Muileann gCearr	31						
An Nás							
An Uaimh							
Tulach Mhór							
Loch							
Garman							
Cill Mhantáin							
IOMLÁN	797		432		132		75

Shuigh an Binse 1,436 uair ag 36 láthair dhifriúil le linn 2010. Astu seo, tharla 519 suí i mBaile Átha Cliath, agus tharla 917 ar siúl i gceantair na gcúigí.

IARSCRÍBHINN 3(B)

SONRAÍ DE SHUÍONNA AN BHINSE IN 2010
Idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2010

Líon laethanta	Líon laethanta a shuigh Roinn amháin	Líon laethanta a shuigh dhá Roinn	Líon laethanta a shuigh trí Roinn	Líon laethanta a shuigh ceithre Roinn	Líon laethanta a shuigh cúig Roinn	Líon laethanta a shuigh sé Roinn	Líon laethanta a shuigh seacht Roinn nó níos mó	Líon Suíonna		Líon Iomlán Suíonna	Líon Láithreach a inar shuigh an Binse
								Baile Átha Cliath	Cúigí		
234	0	9	9	18	48	44	106	519	917	1436	36